



**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão (an Phortaingéil) a
taisceadh an 8 Aibreán 2026 – EDP – Gestão de Produção de Energia, S.A. v Autoridade da
Concorrência**

(Cás C-311/26, EDP – Gestão de Produção de Energia)

(C/2026/3640)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal da Concorrência, Regulação e Supervisão

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: EDP — Gestão de Produção de Energia, S.A.

Cosantóir: Autoridade da Concorrência

Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) An bhfuil cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a eascraíonn, *inter alia*, as breithiúnas an 11 Meitheamh 2024, *an Coimisiún v Deutsche Telekom AG* (C-221/22 P, EU:C:2024:488), le léiriú sa chaoi, in imeachtaí ina bhforchuirtear fhíneáil mar gheall ar shárú ar Airteagal 102 CFAE agus ina laghdaítear méid na fhíneála sin i bpáirt ina dhiaidh sin le cinneadh ó chúirt náisiúnta, go bhfuil an páirtí lena mbaineann, a d'íoc an fhíneáil ina iomláine roimhe sin, i dteideal ús a fháil ón dáta a rinneadh an íocaíocht, á ríomh ar an gcuid den fhíneáil arna laghdú ag cinneadh na cúirte?
- 2) Más rud é go mbraitheann an freagra ar na forais shonracha ar dá réir a laghdaigh an chúirt achomhairc náisiúnta an fhíneáil, an bhfuil cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a eascraíonn, *inter alia*, as breithiúnas an 11 Meitheamh 2024, *an Coimisiún v Deutsche Telekom AG* (C-221/22 P, EU:C:2024:488), le léiriú sa chaoi gurb ann d'oibleagáid den chineál sin ús a íoc tráth a dhéantar laghdú na fhíneála de bharr measúnú difriúil ar mhéid na fhíneála arna dhéanamh ag an gcúirt achomhairc náisiúnta de bhun a dlínse neamhtheoranta agus rialacha an dlí náisiúnta, mar gheall ar laghdú ar an bhfad a mhair an t-iompar agus ar mhéid na díobhála a rinneadh i gcomparáid le cinntí an údaráis iomaíochta náisiúnta, i bhfianaise gur sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh de réir bhrí na cásdlí sin é an fhíneáil a gearradh agus a laghdaíodh ina dhiaidh sin?
- 3) Má thugtar freagra dearfach ar an méid roimhe sin, an leanann an oibleagáid sin ús a íoc i bhfeidhm ar na téarmaí céanna fiú amháin más rud é go ndearna cúirt na chéad céime athbhreithniú iomlán ar chinneadh an údaráis iomaíochta náisiúnta agus cinneadh eile a chur ina ionad, i gcás gur sheas sí leis an bhfíneáil a ghearr an t-údarás sin in ainneoin gur aithin sí laghdú ar an bhfad a mhair an t-iompar agus ar mhéid na díobhála a rinneadh i gcomparáid le cinntí an údaráis sin?
- 4) Má thugtar freagra dearfach ar an méid roimhe sin, an bhfuil an ráta úis is infheidhme le cinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i bhfianaise phrionsabail na héifeachtachta agus na coibhéise, nó ar cheart Airteagal 83(2)(b) de Rialachán Tarmilgthe Uimh. 1268/2012 ⁽¹⁾ a chur i bhfeidhm de réir analaí?

⁽¹⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1)